## Táimid nasctha lena chéile:

- Tá dlúthnasc idir pobal na hÉireann agus pobal na Breataine. Is í an Ríocht Aontaithe atá mar bhaile anois ag an líon daoine is mó ar rugadh in Éirinn iad agus a chónaíonn lasmuigh d'Éirinn agus ag líon ollmhór daoine de bhunú na hÉireann.
- Tá níos mó saoránach as an mBreatain ná as náisiún ar bith eile in Éirinn anois, i measc an phobail neamh-Éireannaigh, agus iad an líon is mó oibrithe imirceacha a chláraigh d'uimhreacha PPS in 2013.
- Tá an t-aerbhealach Baile Átha Cliath-Londain ar cheann de na haerbhealaí idirnáisiúnta is gnóthaí ar domhan. Bíonn beagnach 2,000 eitilt in aghaidh na seachtaine idir Éire agus an Bhreatain.

## An Pobal Éireannach sa Lá atá inniu ann:

- Díreoidh an Chuairt Stáit aird ar chion tairbhe na nÉireannach sa Bhreatain agus a dtábhacht leantach d'Éirinn.
- Is d'oidhreacht Éireannach iad na milliúin duine sa Bhreatain. Ní fios an uimhir bheacht ach léiríonn meastacháin gur de shliocht na hÉireann iad suas le duine as ceathrar sa Bhreatain.
- I nDaonáireamh 2011, shainaithin breis agus 530,000 duine i Sasana agus sa Bhreatain Bheag iad féin mar Éireannaigh, ar rugadh breis agus 400,000 díobh in Éirinn (sa Phoblacht).
- Faightear níos mó iarratas ar phas Éireannach tríd ár nAmbasáid i Londain ná trí Ambasáidí uile eile na Éireann thar lear le chéile.
- Tá an pobal Éireannach sa Bhreatain an-ilghnéitheach. Coinníonn Éireannaigh orthu ag déanamh cion tairbhe cruthaitheach sonrach do

ghnó, polaitíocht, seirbhís phoiblí, na healaíona, siamsaíocht, spórt agus réimsí eile de shochaí na Breataine.

## Grúpaí agus líonraí pobail:

- Ó 2003, tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tar éis maoiniú breis agus €86 milliún a chur ar fáil do bhreis agus 200 eagraíocht dheonach agus phobail Éireannacha sa Bhreatain. Díríodh an maoiniú seo go príomha ar eagraíochtaí a bhí ag obair chun tacú leis an dream is leochailí.

- Tá comóradh 60 bliain á cheiliúradh ag an London Irish Centre i mbliana. Tá Éireannaigh sa Bhreatain (Irish in Britain) (Conaidhm na gCumann Éireannach roimhe seo) gníomhach le 40 bliain. Tá comóradh suntasach á cheiliúradh ag roinnt eagraíochtaí pobail eile i mbliana freisin.

- Cuireann breis agus 80 cumann CLG spórt agus cultúr na hÉireann chun cinn ar fud na Breataine.

- Tá 25 brainse ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann a bhfuil ceol agus cultúr Éireannach á chur chun cinn acu sa Bhreatain. Beidh Craobhchomórtas an Domhain sa Damhsa Gaelach ar siúl i Londain in Aibreán na bliana seo.

- Ón tógáil go cuntasaíocht, ó mhná i ngnó go dtí alumni ollscoile Éireannacha, do dhaoine nach bhfuil ach díreach sroichte agus dóibh sin atá i mbarr a gceirde, tá líonra Éireannach tiomnaithe ann sa Bhreatain a bhfuil ballraíocht ghlórach mhór aige.

## Ná hÉireannaigh i mbun gnó:

- Tá 50,000 stiúrthóir ar chuideachtaí na Breataine a rugadh in Éirinn (níos mó ná aon náisiúntacht eile nach as an mBreatain dóibh).

- Tá na hÉireannaigh ar bharr an liosta don líon cuideachtaí a bhunaigh fiontraithe imirceacha sa RA, breis agus 56,000 cuideachta bunaithe ag saoránaigh Éireannacha. (Foinse: Ionad d'Fhiontraithe)